

Teorainneacha, Áthanna agus Iomáin

Art Ó Maolfabhail

Tá draíocht ag baint le teorainn, leis an líne dhealaithe idir réimse agus réimse eile. Agus sinn ar scoil ba shoiléir dúinn an líne ar an léarscáil gheografach a scarann dhá réimse talaimh - dhá thír, dhá chontae. Uaireanta bíonn marc sofheicthe ar an talamh féin - abhainn, spar ar bhóthar, claí teorann nó fál sreinge, balla beag. Is achrannaí go mór teorainn a leagadh síos ar dhromchla uisce. Agus sa ré atá anois ann bíonn tíortha ag iarraidh a dteorainn a dhearbhu san aer uachtarach, san aer-spás. Bítear ag súil anois go dtéann an teorainn faoin dromchla síos agus san aer suas.

Nuair is éifeachtach an teorainn coinnítear cobhsaíocht i gcúrsaí agus bíonn socracht ann. Chun an teorainn a bheith éifeachtach caithfidh an brú bheith cuíosach cothrom ar an dá thaobh. Nuair a bheartaítear ó thaobh amháin nach bhfuil an brú ar an taobh eile 'láidir' go leor bítear ag lorg bealaí le brú isteach ar an taobh eile. I gcás an chine dhaonna tá dhá chaoi ann le cur síos ar an 'brú isteach'. Is féidir 'forghabháil' a thabhairt go díreach oscailte air nó 'forbairt' a thabhairt go claonbhreitheach air. I gceachtar cás bíonn argóint le déanamh mar chúis ag an taobh amháin chun tús a chur. Luafar 'riachtanas' le 'forghabháil' agus luafar 'folús' le 'forbairt'.

Arís i gcás an chine dhaonna, má mheastar nach le daoine seasamhacha an réimse ar an taobh thall den teorainn, agus má mheastar nach bhfuil an téarma 'forghabháil' oiriúnach, beartaítear nach le duine ar bith an réimse sin toisc gur folús é, talamh nach le duine ar bith é, *terra nullius*, nó mar a deirtear i mBéarla *no man's land*. Mór-ranna Mheiriceá, Thuaidh agus Theas, agus mór-ranna eile, is é *terra nullius* a thug cumhachtaí na hEorpa orthu. As sin a dhéanamh cheadaigh na hEorpaigh dóibh féin forghabháil a dhéanamh ar na ranna talaimh sin, agus ar gach a raibh iontu. D'fhéadfaí, chomh maith, an abairt 'folús farraige' a chumadh, *mare nullius*, nó *no man's ocean*. Is de bharr beartaíochta den chineál a seo a bhíonn náisiúin cáiriseach ar a dteorainn de réir a gcumais.

Tá teorainneacha idir contrárachtaí ann i mórán de ghnéithe an tsaoil seachas gnéithe an tsaoil gheografaigh ábharga. Teorainneacha iad nach féidir a léiriú le líníocht. Samhlaítear teorainn idir an Solas agus an Dorchadas, idir an Ceart agus an Mícheart, idir an Mhaith agus an tOlc, idir an Caite agus an Todhchaí, idir an Saol Seo agus an Saol Thall. Is gnách teorainn a leagadh síos, teorainn shamhalta, leis an gcodarsnacht sin a dhearbhu. Is minic a chloistear an ráiteas 'níl an scéal chomh dubh agus bán sin.'. Uaireanta deirtear go bhfuil 'réimse liath' ann, agus nach cinnte an líne teorann. Is ionann sin agus a rá go bhfuil 'so-lúbacht' ann maidir le riail nó prionsabal éigin. Tá sin uile ag brath ar thoscaí agus ar thuiscint agus ar aidhmeanna an té atá ag déanamh an bhreithiúnais. Mar shampla, an teorainn idir an tÓg agus an tAosta, idir an tAmaitéarach agus an Gairmiúil.

Má tá cuma thromchúiseach ar an réamhrá gearr seo, ní miste é, óir ní hábhar éadrom é cúrsaí teorainneacha, agus is fiú béim a leagadh ar sin. Trí bheachtaíocht a dhéanamh ar theorainn déantar beachtaíocht ar mhachnamh agus ar bhreithiúnas.

Ar ócáidí tráthrialta déantar An Teorainn a dhearbhu chun í a bhuanú. Uaireanta is ceiliúradh a bhíonn ann, ar nós cheiliúradh na Samhna, nó na hAthbhliana. Is minic a bhíonn cluichíocht, nó searmanas, ina cuid den dearbhú. Ach is cosúil go mbíonn fríd an oilc i gcónaí san áit a mbíonn teorainn. Meastar gur féidir fríd sin an oilc a lagú, an t-olc féin a laghdú, nó a dhíbirt ar fad, trí chomórtais fhoirmeálta ar bhonn dea-mhéine a chur ar siúl. Tá fianaise ann i logainmneacha áirithe, dár liom, ar iomáin ar theorainneacha geografacha agus/nó polaitíochta.

Tá roinnt logainmneacha faoi scrúdú thíos a bhfuil tagairt iontu do áth agus ar dócha go bhfuil tagairt iontu don iomáin. Is é an chiall atá le baint as sin gur dócha go mbíodh iomaíocht iomána sna háiteanna sin. Tugtar *áth* ar an áit inar féidir gabháil thar abhainn nó sruthán. Is minic a bhíonn an t-uisce sin ina theorainn idir dhá dhúiche, agus bíonn an t-áth le cosaint, an teorainn le dearbhú. I gcás na hiomána a shamhlaim bainteach le háth ní móide gur san áth féin a dhéanfaí é. Is dóichí go mór go ndéanfaí ar thalamh oiriúnach in aice an átha é.

Is gné aiceanta an t-áth de ghnáth, agus go minic bíonn sé cóirithe le saothar an duine. Tá an méid sin le feiscint san ainm Baile Átha Cliath: is dócha gur cóiríodh an t-áth le ceis de shórt éigin. Nuair a bhíonn droichead tógtha in ionad an átha, agus bóthar nua ann in ionad an bhóthair a ghabh tríd an áth, b'fhéidir go ligfí an t-áth féin agus an seanbhóthar i ndearmad. Go minic, ámh, maireann tábhacht na háite ina mbíodh an t-áth, go háirithe in ainm na háite féin. Féach a liacht sin bailte móra agus beaga ar fud Éireann a bhfuil an focal áth, nó na focail béal átha, nó baile átha ina n-ainmneacha.

Nuair a leathnaíonn an t-ainm atá ar áth chun tagairt a dhéanamh do réimse fairsing talaimh, do bhaile fearainn mar shampla, nó do bhaile mór, is léir go bhfuil fás tar éis tarlathie in imeachtaí an phobail mórthimpeall an átha sin. De ghnáth tarlaíonn an fás sin thar thréimhse fhada ama. Tá stair ansin ach é a aimsiú.

Maidir leis na hainmneacha seo thíos nil fúm plé a dhéanamh ar fhianaise litriú na n-ainmneacha ach amháin sa mhéid go measaim gur cabhair anseo é. I measc na fianaise atá cruinnithe tá roinnt samplaí de na cineáil fhaidhbe a thagann chun cinn i scrúdú logainmneacha. Uaireanta is gá a admháil go bhfuil fadhb ann agus nach dtánathas ar fhuascailt chinnte.

Is iad léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis ar an scála sé orlaí sa mhíle atá á lua (idir lúibíní) leis na háiteanna. Tá a shraith féin bileoga uimhrithe ag gach contae ar leith agus is é an chéad eagrán 1833-1846 a úsáideadh. Tá achar tugtha in heicteáir agus acraí mar seo: (100h / 247a). Mar an gcéanna tá airde tugtha i méadair agus troithe mar seo: 100m / 328tr.

'i mbéal átha bháire'

Sa bhliain 1676 rinne Dáibhí Ó Bruadair dán molta do Sir John Fitzgerald, Tiarna na Claonghlaise. Áit é an Chlaonghlais in iardheisceart Chontae Luimnigh a bhfuil trácht in Annála Ríochta Éireann air sa bhliain 1155 agus go leor trácht air as sin amach. Ba leis na Coileánaigh í go dtí go bhfuair na Gearaltaigh Normannacha seilbh uirthí sa 13ú haois. Dhá bhaile fearainn atá inniu ann - An Chlaonghlais Theas / Cleanglass South (52, 53) agus An



Cluiche lomána

Chlaonghlais Thuaidh / Cleanglass North (43, 44, 52, 53), iad i bParóiste Chill Íde, i mBarúntacht Ghleann an Choim. Cnoc is ea an réimse talaimh atá faoin dá bhaile fearainn le chéile (733h / 81la san iomlán ann), airde 333m / 1094tr ina bharrphointe agus é ina chuid de shliabhraon Mhullach an Radhairc.

Is dócha gur ó shruthán a fuair an Chlaonghlais an t-ainm, faoi mar a fuair an iliomad Dúghlaise agus Fionnghlas, agus is é *the bent, diverted stream* an míniú atá tugtha ar an ainm in LÉ I, Ich 110. Maidir le teorainneacha de, tá an Chlaonghlais ar theorainn Chontae Chorcaí agus é buailte le baile fearainn Thuairín Mhic Amhlaoibh / Tooreenmacauliffe (4, 5) (475h / 1174a; 268m / 880tr ar airde). Tá sruthán idir an dá bhaile fearainn. Níl ainm leis an sruthán ar an léarscáil.

Bíodh go raibh an teideal Tiarna na Claonghlaise á thabhairt ar Ghearaltach is i nGort na Tiobraide gar do bhaile Dhrom Collachair a bhí áras an Tiarna le fada roimh 1676. Tá baile fearainn Gort na Tiobraide / Springfield (45, 54) (168h / 414a) i mBarúntacht Ghleann an Choim agus i bParóiste Chill Deochain Liatháin / Killagholehane, paróiste atá teorantach le Paróiste Thulach Léis i gContae Chorcaí.

Ina dhán molta ar Sir John Fitzgerald na Claonghlaise, agus a bhfuil an dáta 18 Septembris 1676 leis, deir Ó Bruadair i dtaobh an Ghearaltaigh:

Ní béalbhriosc le spéirling do thrácht go prap
Is ní méirtneach i mbéal átha bháire an bleacht
(*He is never quick of tongue in challenging to sudden strife
Nor is he a coward weakling at the ford-mouth of a game*)

An t-eagarthóir, Rev. John C. Mac Erlean, a chuir an míniú Béarla sin ar na línte in DDUB II, Ich 157. 'Duine flaithiúil' is ciall do *bleacht* (Din.). Tá an dán i Lámhscríbhinn 303 in

Acadamh Ríoga na hÉireann, ar lch 115. Seaghan Stac a scríobh idir 1706 agus 1709 agus is cosúil nach bhfuil cóip eile den dán ar eolas le comparáid a dhéanamh.

Tá an focal áth ceangailte anseo le báire ag duine de na filí b'fhórsúla agus ba shaibhre teanga dá raibh ann sa 17ú haois agus is fiú aird a thabhairt ar sin. Tá eagarthóireacht curtha i bhfeidhm anseo sa leagan foilsithe sa mhéid gurb é 'i mbéal átha bháire' atá i gcló ach is é 'a mbealatha báire' atá sa lámhscríbhinn gan séimhiú ar thúsliúir báire agus gan an t-alt. Más é 'i mbéal átha báire' a bhí ar intinn ag an scríobhaí, níl fadhb ar bith leis an bhfoirm sin óir tá a leithéid coitianta go leor i logainmneacha, mar shampla Béal Átha Grean / Ballyagran, Contae Luimnigh (46). Ní miste a lua go bhfuil ar a laghad deich gcinn d'áiteanna i gContae Luimnigh a dtosaíonn a n-ainmneacha le Béal Átha nó le Béal an Átha, agus i gcás a bhformhór mór go bhfuil na focail sin i bhfolach sna foirmeacha Béarla faoi Bally- nó Balli-.

Pé brí chruinn a bhí á cur in iúl ag Ó Bruadair is dócha nach ainm áite ar leith atá i gceist sa dán. Is dóichí go mór gur cur síos ginearálta atá ann ar imirt, agus go háirithe ar iomáin. Bhí an focal *báire* in úsáid go fairsing sa Ghaeilge anuas go dtí an 19ú haois. B'fhéidir gurb é 'comórtas' an bhunbhrí a bhí leis, 'comórtas iomána' de ghnáth agus uaireanta 'comórtas peile' (*Camán* lch 130 etc.). Tá nathanna ar nós *tús báire*, *lár báire*, *buachaill báire* an-choitianta. Is in An Leabhar Laighneach timpeall 1180 atá an chéad shampla de *báire* le fáil agus tagairt á dhéanamh do Chú Chulainn: *bheireadh sé bua báire agus iomána*. Ní heol bunús an fhocail.

Áth an Mhoilc

Is mar gheall ar an bhfocal *bulc* atá an t-ainm seo á scrúdú. Tá baile fearainn Áth an Mhoilc / Ahawilk i gContae Luimnigh (44, 45), (409h / 1010a) i mBarúntacht Ghleann an Choim agus i bParóiste Mhaigh Thamhnach. Tá fianaise scríofa ar an ainm ann ón 13ú haois, bíodh nach i bhfoinsí Gaeilge atá an fhianaise sin: Athmolc (1288), Athmulke (1452), Athmulke (1584), Awylke, Athenvolcke (1586), Aghiwilke (1657), Ahavulk (1711). Is é *ath an bhuilc* a cuireadh síos in Ainmleabhar na Suirbhéireachta Ordanáis mar an leagan áitiúil Gaeilge in 1840. Má cuireadh míniú leis, níl sé inléite anois.

Is léir go bhfuil fuaim ar nós *molc* á cur in iúl ón 13ú haois go dtí an 16ú haois agus is dócha go léiríonn sin eolas ar an nGaeilge. Tá fuaim ar nós *wolc* / *volc* á léiriú sa tuiséal ginideach as sin ar aghaidh. Is in Ainmleabhar na Suirbhéireachta Ordanáis amháin atá an fhuaim *bulc* á cur in iúl leis an litriú *áth an bhuilc* agus, ar ndóigh, is féidir *bulc* nó *molc* a bheith i gceist sa bhunfhocal ansin. Is é 'the ford of the throng' an míniú a thugtar in LÉ 1, lch 7 mar mhíniú Béarla ar Áth an Mhoilc.

Sa leabhar *Scéal na hIomána* (1980) tá trácht fada ag an mBráthair Liam P. Ó Caithnia ar 'an bulc', go háirithe sna hailt 'Bulc na Treascartha' (lgh 81-5) agus 'An Bulc agus Imirt an Bhuilc' (lgh 126-9). Tá an focal *bulc* in úsáid aige mar a bheadh focal coitianta ann. Dar leis, nuair a bhíodh duine agus fiche ar an bhfoireann iomána, bhíodh siad roinnte ina dtrí sheachtanna, agus an seachtar ba láidre i lár na páirce in aghaidh a macasamhla ar an bhfoireann eile. Deir sé gur san áit ina mbíodh an choimhlínt idir an dá sheachtar láidir sin i lár na páirce a bhíodh 'an bulc'. Deir sé gur luaigh scríbhneoirí Béarla 'méleé' agus 'battle charge' leis an gcrua-imirt sin sa 19ú haois. Sa Liosta Téarmaí aige ar lch 788 tá ráiteas (gan foinse tugtha): Bulc: 'scrummage a thugaidís air sin'. Níl trácht ar bith ar bulc in *Camán* (1973).

Má bhí an bulc chomh coitianta i gcúrsaí iomána agus a thugann Ó Caithnia le fios is aisteach an rud é nach bhfuil an focal *bulc* ag an Duinníneach in Din. (1927; 1934). Tá *balc*

in Din., 'a balk or baulk', 'anything strong, hard', etc. Tá balc mar an gcéanna in FGB leis an gciall céanna, agus freisin tá *bulc* (/ *balc*) 'bulk, mass'; 'bulky parcel, bundle'; 'cargo, hold (of ship)' in FGB. Freisin, tá *bulc mór daoine* 'great crowd, throng, of people' in FGB. Ní luaitear in FGB an chiall speisialta atá ag Ó Caithnia le *bulc*. Mar sin féin, toisc láidre an chomhthéacs ag Ó Caithnia is cóir Áth an Mhoilc a iniúchadh go grinn.

In FGB tá ionannú déanta idir *molc* agus *morc* 'mass, heap'. Tugtar ann freisin *morc (mór) daoine* 'great crowd of people'. In DIL tá *molc* 'tinder, fuel'; cf. *morc* 'large mass', agus *molcán* (v. *mulchan* / *mulcán*) 'some kind of cheese'. Tá an ceannfhocal *mulc* in FGB agus déantar é a ionannú le *bulc*. Tá ceannfhocail eile in FGB bailc ionann agus balc; freisin balc ionann agus bulc. Bríonna éagsúla leosan de réir comhthéacs. In Din. tá *bailc* 'bold, strong'; *molc* 'tinder, fuel'; *morc* 'a pig, a boar'; 'a heap'. Níl *bulc* i gcomhthéacs ar leith iomána tugtha i bhfoclóir ar bith.

Bíodh go bhfuil an t-ainm inniu ar réimse fairsing talaimh is léir gur ainm é a cuireadh ar áth in abhainn. Tá abhainn ag sní trí lár bhaile fearainn Áth an Mhoilc go dtí Bunoke Bridge idir baile fearainn Áth an Mhoilc agus baile fearainn An Mhóin Rua Bheag / Moanroe Beg (44) (74h / 182a) atá i bparóiste eile, Paróiste Chill Íde, ach fós i mBarúntacht Ghleann an Choim. Is ansin a théann an abhainn isteach sa Daoil. B'fhéidir gur in aice an droichid sin a bhíodh an t-áth ar ar tugadh Áth an Mhoilc. Is léir go bhfuil bóithre nua díreacha anseo a rinneadh sa 18ú haois. Má bhí áth san áit is dócha nach san áit a bhfuil an droichead a bhí sé. Na bailte fearainn An Mhóin Rua Bheag agus an Mhóin Rua Mhór le chéile (44), tá achar 227h / 56la iontu.

An focal bun i logainm, ciallaíonn sé go minic an áit a dtéann abhainn i bhfarraige nó isteach in abhainn mhór nó loch, mar shampla Bun Machan / Bunmahon i gContae Phort Láirge. D'fhéadfadh a bheith gurb é Bun Mhoilc atá san ainm Bunoke agus más fíor sin is é *molc* ainm na habhann. Más amhlaidh atá, agus pé brí atá le *molc*, is dócha nach bhfuil baint aige le *balc* ná le *bulc* agus dá réir sin nach dtagann iomáin i gceist ó thaobh bunchéille de. Ceist eile, ámh, cad é a thuig pobal an cheantair leis an ainm Áth an Bhuilc in 1840.

Drom Cromáin

Tar éis dúinn teacht ar an tuairim go mb'fhéidir nach bhfuil baint ag an ainm Áth an Mhoilc le hiomáin ar chor ar bith tagann castacht eile isteach sa scéal a fhéadfadh tabhairt orainn athsmaoineamh a dhéanamh. Teorantach le baile fearainn Áth an Bhuilc ar an taobh thoir, agus sa pharóiste céanna leis, tá baile fearainn Drom Cromáin / Appletown (44, 45) a bhfuil 288h / 713a ann. Sa 18ú haois a tugadh Appletown mar fhoirm Bhéarla air. Tá an litriú Cromman ar an ainm sa bhliain 1288 agus in 1655 foirmeacha ar nós Crommane, Drome Commaine, Drome Camanie, Drome Crommayne. Ar an iomlán is buaine an fhoirm le Cr- ná le C- gan an 'r'.

Má ghlactar leis an chiall atá ag Ó Caithnia do *bulc* is féidir láithreach brí ghaolmhar a bhaint as an logainm seo. Is é 'ridge of (the) bending feature' an míniú a thugtar in LÉ I, lch 162. Curtha leis an míniú sin tá an ráiteas tá fo-bhríonna le cromán. Is fíor sin: ina measc tá 'cnámh na corróige', 'uirlis le cam ann', 'cineál seabhaic'.

Deir Amhlaobh Ó Súilleabháin ar Dhomhnach Cásca, 6 Aibreán 1828 (CAUS II, lch 244), 'bhádar (= bhíodar) na camáin agus na cromáin go gnóthach' an tráthnóna sin i gCallainn i gContae Chill Chainnigh. Ghlac an t-eagarthóir leis gurb é 'cnámh an corróige' is ciall do *cromán* anseo. In CLA ghlac An tOllamh Tomás de Bhaldraithe an chiall chéanna sin as

cromán. In Camán (Ich 9I) luaitear go mbíodh an focal *cromán* in úsáid i gContae Thiobraid Árann ar chamán garbh a bhainfí as an chlaí. Mar an gcéanna bhí cromóg in úsáid agus an chiall sin leis.

Mar sin féin is é is dóichí nach bhfuil baint ag an iomáin le Áth an Bhuilc ná le Drom Cromáin agus gur comhthaisme ghlan bailte fearainn leis na hainmneacha sin bheith taobh le chéile. Agus fiú dá mbeadh teorainn i gceist, ní teorainn contae a bheadh ann.

Droichead na gCamán, Tobar na gCamán (Commaun Bridge, Tobernagommaun)

Tá na hainmneacha Commaun Bridge agus Tobernagommaun in oirthear Chontae Luimnigh ar an gcéad eagrán de léarscáil na Suirbhéireachta a foilsíodh in 1844. Tá an droichead ar an sruthán atá idir an baile fearainn Currach Mhíic Thoimicín / Curraghakimikeen (8, 16) (228h / 563a) agus an baile fearainn Currach an Phoill / Curraghafoil (8) (383h / 947a). Tá an tobar i gCurrach Mhíic Thoimicín timpeall 220m suas ón droichead. Tá an dá bhaile fearainn sin i bParóiste Dhúin, sa bharúntacht ar a dtugtar Uí Chuanach, agus i gContae Luimnigh. Tá cuid de Pharóiste Dhúin i gContae Thiobraid Árann.

Gabhann an sruthán ar a bhfuil an droichead isteach in An Chlaoideach / Bilboa River timpeall 800m síos ón droichead. Taobh thall den Chlaoideach ag an áit sin i gContae Thiobraid Árann tá an baile fearainn Seanbhaile Éamainn / Shanballyedmond (38) (350h / 866a) i bParóiste Mhainistir Uaithne / Abington, i mBarúntacht Uaithne agus Ara. Tá cuid de Pharóiste Mhainistir Uaithne i gContae Luimnigh. Mar sin, tá an dá pharóiste, Dún agus Mainistir Uaithne ar an teorainn idir dhá chontae, agus iad araon roinnte idir Contae Luimnigh agus Contae Thiobraid Árann.

Soir ón áit a ngabhann an sruthán isteach sa Chlaoideach is í an Chlaoideach an teorainn idir an dá chontae. Sa Bhéarla tá an Chlaoideach ainmnithe as ainm an bhaile fearainn Béal Átha Bó / Bilboa (15) atá i bParóiste Dhúin agus i gContae Luimnigh. Is léir gur as ainm átha a ainmníodh an baile fearainn sin a bhfuil 343h / 847a ann.

Toisc an t-ainm Commaun Bridge a bheith ann in 1844 is dócha go raibh foirm mar Droichead na gCamán ag cainteoirí Gaeilge san áit ag an am sin. B'fhéidir go raibh ainm mar *Áth na gCamán ar áth a bhí san áit roimh an droichead. Nó b'fhéidir go raibh ainm mar *Glaise na gCamán ar an sruthán. Pé scéal é, ní móide gurb é Tobar na gCamán an bun-ainm ina raibh *camán* luaite.

(4) Áth na gCamán

I gcroílár Chontae Tiobraid Árann atá an baile fearainn Áth na gCamán / Aughnagomaun (47, 53) timpeall 8km ó dheas ó Mhainistir na Croiche. I bParóiste Bhaile Uí Shíocháin / Ballysheehan, agus i mBarúntacht an Treana Mheánaigh / Middlethird atá sé. Is beag eolas atá ann ó fhianaise na staire ar Áth na gCamán. Sa bhliain 1633 liostaíodh Aghenagomainebegg, Aghenagomaine more amháil agus é a bheith á áireamh an t-am sin mar dhá bhaile fearainn. Mar sin féin, is as gné aonraic, is é sin, as 'áth' amháin de réir dealraimh, a thagann an t-ainm, agus is mar bhaile fearainn amháin a áiríodh é in 1840. Baile fearainn fairsing atá ann (525h / 1297a).

Mar is eol, tá dhá leathchontae riaracháin i gContae Thiobraid Árann ó 1838. Sa Leath Theas atá baile fearainn Áth na gCamán agus é ar an teorainn leis an Leath Thuaidh. Buailte leis ar an taobh thall den teorainn uaidh sa Leath Thuaidh tá an baile fearainn Cnoc na

Fuinseoige / Ashhill (47, 53) (123h / 304a), atá i bParóiste Mhaigh Chairce, i mBarúntacht Éile Uí Fhógarta. Ní heol fianaise an ainm Cnoc na Fuinseoige níos luaithe ná 1821. Is annamh a luaitear na camáin gan an fhuinseoig á lua.

Tá casadh beag eile sa scéal. Buailte le Cnoc na Fuinseoige / Ashhill ar an taobh thoir, tá an baile fearainn Cnoc na nOs / Knocknanness (47, 53) (147h / 365a) atá freisin i bParóiste Mhaigh Chairce. Is san aon cháipéis amháin dlí ón mbliain 1821 is luaithe a fhaightear an dá ainm - Knocknefinsogy otherwise Ashhill, agus Knocknanness. B'fhéidir gur iomrall litrithe atá in Knocknanness sa cháipéis óir is é Knocknanness agus Cnoc na n-os atá ag an tSuirbhéireacht Ordanáis in 1840.

Mar sin, ta dhá aonad talaimh ainmnithe nach bhfuil aon tuairisc orthu roimh 1821. Ó thaobh foirme de tá an-dealramh ag an dá ainm le chéile, ag Ashhill le Knocknanness (nó fiú le Kíocknanness). Má ghlactar leis go bhfreagraíonn hill do cnoc is féidir ash agus ess (nó uss) a shamhailt ag freagairt dá chéile. Maidir leis an bhfoirm Ghaeilge Knocknefinsogy atá i scríbhinn ó 1821, ní léir cé acu an foirm Ghaeilge é a cuireadh ar Ashhill nó ar cuireadh Ashhill mar Bhéarla ar Cnoc na Fuinseoige. Agus fiú má tá Ashhill bunaithe mar aistriúchán ar Knocknanness / Knocknanness fós ní gá gur sine Knocknefinsogy ná Ashhill. Nuair a bhíonn dhá theanga beo sa chaint le hais a chéile is minic a cumtar leagan i dteanga amháin díobh agus é ag freagairt don ainm sa teanga eile de réir an riachtanaís a bhraithear a bheith ann.

Toisc gur cosúil gur ainmneacha déanacha iad seo is dócha go raibh an talamh atá i gceist á áireamh faoi ainm(neacha) eile roimhe sin. Sa Civil Survey (1654-56) is cosúil go bhfuil an talamh sin áirithe faoin bhaile fearainn Cúil Chip / Coolkip (47). Ní i bhfoirm léarscáile a rinneadh an Civil Survey. Is amhlaidh a rinneadh tuairisc na n-aonad talaimh a chur síos i bhfocail, trí thagairt a dhéanamh do shrutháin, bóithre, claíocha, srl., agus go háirithe d'aonaid theorantacha talaimh. Nuair a bhí an suirbhé á chóiriú le haghaidh a fhoilsithe go luath sa 20 haois rinneadh an tuairisc focal a rianú ar léirscáil na Suirbhéireachta Ordanáis. Nuair a bhí an obair sin déanta fuarathas go raibh lúb ar lár ann san áit a bhfuil deisceart Chnoc na Fuinseoige agus Chnoc na nOs inniu. Ar an léarscáil san áit sin bhreac an lucht eagarthóireachta an nóta seo: *Conflict - Barony boundaries do not meet*. Is cosúil go raibh talamh faoi chonspóid ansin sa bhliain 1654.

Áth na nUrlainn

Tá Áth na nUrlainn / Urlingford, i gContae Chill Chainnigh, an t-ainm ar bhaile fearainn (8) (140h / 347a), ar pharóiste agus ar shráidbhaile, i mBarúntacht Ghabhalmhaí / Galmoy. Tá an baile fearainn Fionnúir / Fennor (42, 43) (456h / 1126a) i bParóiste Fhionnúrach i mBarúntacht Shliabh Ardach i gContae Thiobraid Árann teorantach le baile fearainn Áth na nUrlainn.

Is ainm é Áth na nUrlainn nach bhfuil cinnteacht ag baint lena bhunús cé gur léir sna foirmeacha seanda gur struchtúr Gaeilge atá air. Ní de réir na Gaeilge atá na foirmeacha sin scríofa, ámh, ach iad faoi thionchar na Laidne agus an Mheán-Bhéarla. Tá an fhoirm Aghnenorlyn ann ón bhliain 1527 agus Urlingford *alias* Aghnemoorling ó 1621. (Is botún cóipeála an 'm' san ainm ansin mar is léir ó go leor fianaise.) Scríobhadh an fhoirm Hurlingford i mBéarla in 1750 agus scríobhadh síos Awnanoorling in 1905 ag freagairt don fhuaim a bhí ag cainteoirí dúchais Gaeilge sa cheantar ag an am sin. Iarracht atá san fhoirm oifigiúil Ghaeilge, Áth na nUrlainn, chun réiteach leis an bhfuaimniú sin. An litriú *urlainn*, agus é curtha mar a bheadh sé sa tuiséal gineadach iolra, ní fhreagraíonn sé d'fhocal ar bith atá sna foclóirí. Is amhlaidh nach raibh a leithéid d'fhocal riamh ann.

Tá casadh eile sa scéal, ámh. Tá ainm le fáil i scríbhinní Laidne ón 14ú haois agus ón 15ú haois agus meastar gur ag tagairt don áit chéanna seo atá sé. Tá na foirmeacha Achenirle (1303), Aghynlre (1317), Aghnylre (c. 1399, 1433), Athnylre (c. 1480) ann. Ainneoin na difríochta sa litriú idir iadsan agus Aghnenorlyn is dócha gurb é an t-ainm céanna é, agus gur léiriú an difríocht sin ar an mbearna idir dhá thraidisiún. An traidisiún is sine daoibh, bhí sé gar do léann na Gaeilge. Tháinig traidisiún eile níos déanaí a bhí níos gaire don Bhéarla. Mar sin, is dócha, a tharla athrú ar an bhfuaim a bhí á cur ar an ainm sa ghnáthchaint áitiúil i mBéarla. De réir mar a bhí an Ghaeilge ag dul i léig bheadh tionchar an traidisiúin Bhéarla ag dul i bhfeidhm ar chaint Ghaeilge an cheantair. Is mar sin a tharla go réitíonn fianaise Ghaeilge 1905 le litriú 1527. Tá bearna mar an gcéanna le feiscint i gcás fhianaise ainmneacha eile, mar shampla, an t-ainm Cluain Abhla / Clonoulty i gContae Thiobraid Árann. Níl rian ar bith den 't' mar atá sa bhfoirm Bhéarla ansin le feiscint san ainm sin roimh an 17ú haois. Tá an cás sin mínithe go breá ag Pádraig Ó Cearbhaill, eagarthóir *Liostaí Logainmneacha : Contae Thiobraid Árann / County Tipperary*, sna hailt 'Abhalta nó Olltaigh srl. i Logainmneacha?' in *Studia Hibernica*, lml. 29, lgh 205 - 216 agus 'Clonoulty agus Logainmneacha Gaolmhara: Bunús agus Forás', *Irisleabhar Staire Thiobraid Árann / Tipperary Historical Journal* 1993.

I lár an 18ú haois bhí clú ar Áth na nUrlainn mar láthair iomána mar is léir ó fhógraí i bpáipéir nuachta na haimsire: 'A grand hurling match will be played between the Counties of Kilkenny and Tipperary, on Monday next the 8th of August at the Fairgreen of Urlingford for 20 guineas. Some of the principal Gentlemen of both Counties are concerned.' (FLJ, 30 Iúil-3 Lúnasa 1768.) Sa nuachtán céanna in eagrán 3-7 Meán Fómhair 1768 tá fógra i dtaobh chluiche iomána ar an Déardaoin 8 Meán Fómhair idir Cúige Laighean agus Cúige Mumhan 'for 68 guineas at the noted green of Lisduff near Urlingford.' Ní hionadh, mar sin daoine a bheith den tuairim gurb é an focal Béarla *hurling* atá san ainm Urlingford, an fhoirm atá againn den chead uair ó bhliain 1621. Go deimhin, is fiú aird a dhíriú ar an bhfoirm Hurlingford a scríobhadh in 1750. Ní miste, mar sin, súil a chaitheamh ar an bhfocal *hurling* féin. Is é an tagairt i Reacht Chill Chainnigh sa bhliain 1366 an sampla is luaithe dá bhfuil ann don bhfocal in úsáid in Éirinn. Seo leanas mar a luaitear é sa Fhraincis, is é sin, sa teanga inar fógraíodh an Reacht (i litriú an lae inniu atá sé anseo ach amháin i gcás an fhocail *horlinges*): 'les jeux que hommes appellent horlinges aux grands bâtons a pelotes sur la terre' ('na cluichí a dtugann fir *horlinges* orthu le bataí móra ar liathróidí ar an talamh'). Níl a thuilleadh trácht ann ar an bhfocal in Éirinn go dtí 1527 nuair a eisíodh reacht i gcathair na Gaillimhe a bhí mórán ar aon dul le Reacht Chill Chainnigh. I mBéarla a fógraíodh an reacht seo agus cosc ann ar 'the horlinge of the litill ball with hockie stickes or staves'. As sin amach tá leithéid The Harling (*sic*) Field in Droim Ineasclainn i gContae Lú (1544), Horling Park (1551-2) agus The Hurling Park (1614, 1620) in An Uaimh i gContae na Mí, The Hurlinge Lea, cóngarach, is dócha, do Chaisleán Chill Mhantáin (1620).

I Sasana tá an focal *hurling* ar an taifead beagnach chomh luath is atá in Éirinn. Le linn an éirí amach faoi Wat Tyler in 1380 is mar seo a cuireadh síos ar na ciréibeacha i Londain (i litriú an lae inniu, ach amháin i gcás an fhocail *hurlynge*): 'and this was called the hurlynge time'. Tá an abairt 'hurlynge and burlynge in the courte' ar an taifead ó 1530. Rí-rá i gcúirt dlí atá i gceist ansin. Tá an téarma *hurly-burly* ag Shakespeare sa dráma *Macbeth*: 'When the hurly-burly is done, when the battle is lost and won.' Tháinig an téarma isteach sa Ghaeilge mar 'ruaille-buaille'.

Maidir le hÁth na nUrlainn / Urlingford, is léir gur áit thábhachtach a bhí ann go luath sa 14ú haois - baile fearainn agus paróiste ainmnithe as áth ar abhainn. Pé bunús atá le Achenirle (1303), fiú má tá eilimint Normannach ina dheireadh, ní dócha gurb é *hurling*, nó foirm éigin de *hurling*, atá ina dheireadh toisc an t-ainm a bheith chomh luath sin. D'fhéadfadh a bheith gurb é Áth an Iarla a bhí ann i dtosach. Bheadh brí lena leithéid dá mbeadh garda ar an áth agus dola le díol as trasnú.

Is é *ath na n-urlaiigh* 'ford of the slaughter' atá curtha síos dó in Ainmleabhar na Suirbhéireachta Ordanáis (1839). Seo leanas mar a scríobh Éoghan Ó Cómhraí ó Bhaile Sheáin, Contae Chill Chainnigh chuig an t-oifigeach ceannais sa tSuirbhéireacht, ar 25 Lúnasa 1839 :

the name of this Parish is not of ecclesiastical origin. Local tradition gives it a very appropriately fine Descriptive Irish name viz., AthnaNúrlaidhe, Ath na Nurlaidhe, i.e., the Ford of the Sledgings, that is to say, the ford at which the Ould Irish and the thieving Danes did sledge each others heads long ago, on which occasion the latter, bad cess to 'um, war drove into the neighbouring Bog of Allen and drowned every mother's son of 'um that was not before decently kilt.

Tá fianaise ann ar na cluichí iomána idirchontae agus idirchúige in Áth na nUrlainn san 18ú haois. Is é mo thuairim go mbíodís ann i bhfad roimhe sin. An focal *hurling* a tháinig isteach ón iasacht, is é is dóichí go ndeachaigh sé i gcion ar ainm na háite sa Ghaeilge féin san 16ú haois agus gur Béarlaíodh sin mar (H)Urlingford go luath ina dhiaidh sin. Is í an cheist bhunúsach, an bhfuil an focal *hurling*(= 'iomáin') san ainm dar le cuimhne coitianta an phobail, agus an pobal ag glacadh leis?

Meabhraímis comhthéacs an fhocail i mBéarla Shasana mar a léiríodh thuas - 'the hurling time' á thabhairt ar ré na gciréibeanna i Londain in 1380, 'hurling and burling' á thabhairt ar rí-rá i gcúirt dlí in 1530. Déanaimis cás Urlingford a chur taobh leis. Iomáin chomórtais in 1768 i lár ghluaiseacht na mBuachaillí Bána a bhí ag eagrú in aghaidh chumhacht na dtiarna talaimh, agus nuair a bhí spailpíní Thiobraid Árann agus na Mumhan uile á bhfógairt amach as Contae Chill Chainnigh. Tugadh Hurlers ar na sluaite a d'iompraíodh camáin nuair a bhí siad ag léirsiú agus ag troid in aghaidh na héagóra le linn Chogadh na nDeachúna (1830-1835). Nach bhféadfaí le réasún 'hurling times' a lua leis na himeachtaí soisialta sin i gContae Chill Chainnigh?

Conclúid

Caithfear a admháil, tar éis a bhfuil d'iniúchadh déanta thuas, gur beag atá cruthaithe anseo i dtaobh *Teorainneacha, Áthanna agus Iomáin*. Is deacair inniu bheith cinnte de shuíomh átha a ainmníodh i bhfad ó shin, mar shampla Áth na gCamán (TÁ) nó Áth na nUrlainn (CC), roimh an draenáil agus an tógáil bóithre a rinneadh le roinnt céadta bliain anuas. Mar sin féin tá substaint éigin san ábhar, agus cúis le tuilleadh iniúchadh a dhéanamh ar an gceist. Seo leanas príomhphointí na haiste thuas.

- 1 Tá béal / béal átha nasctha le báire ag Dáibhí Ó Bruadair (1676) i ndán molta ar Ghearaltach na Claonglaise. Tá An Chlaonghlais (Lm) ar an teorainn le Contae Chorcaí. Bhí teach Thiarna na Claonglaise (1676) .i. Gort na Tiobraide (Lm) i bparóiste atá ar an teorainn le Contae Chorcaí.
- 2 Tá an baile fearainn Áth an Mhoilc i gContae Luimnigh. In 1840 is é Áth an Bhuilc a

tuigeadh as. Tá sé ráite go bhfuil ciall leis an bhfocal *bulc* i gcomhthéacs iomána. Ní léir teorainn a bheith i gceist. Tá baile fearainn Drom Cromáin le taobh Áth an Mhoilc agus tá 'camán garbh' ar cheann de na bríonna a bhíodh leis an bhfocal cromán.

- 3 Tá Droichead na gCamán agus Tobar na gCamán in aice a chéile i gContae Luimnigh ar an teorainn le Chontae Thiobraid Árann.
- 4 Tá baile fearainn Áth na gCamán i lár Chontae Tiobraid Árann ar an teorainn a scarann dhá bhaile fearainn, dhá pharóiste, dhá bharúntacht agus dhá leath riaracháin an chontae. Is é Cnoc na Fuinseoige an baile fearainn atá buailte leis ar an taobh thall den teorainn. Bhí éiginnteacht ag baint le teorainneacha san áit sin sa 17ú haois.
- 5 Tá Áth na nUrlainn, baile fearainn, paróiste agus sráidbhaile, ar an taobh thoir de theorainn a scarann dhá bhaile fearainn, dhá pharóiste, dhá bharúntacht, dhá chontae agus dhá chúige. Pé bunbhrí atá leis an ainm, is cosúil gur tuigeadh do chuid den phobal go bhfuil an focal Béarla hurling san ainm.

Is ar éigean is comhthaisme amach is amach uimhreacha 3, 4, agus 5 a bheith suite ar theorainneacha.

(This essay examines placenames which include/may include references to hurling. Some of these refer to fording points on rivers and include the element 'áth' e.g. Áth na gCamán / Aughnagomaun. Hurling contests may have taken place at these crossings, some of which also represent geographical boundaries.

Drainage and road construction over many hundreds of years has obscured the original character of many of these crossings.

The essay draws on a wide range of sources and indicates how further research in this area might proceed.)

Táim buíoch den Oifig Logainmeacha as taifid taighde a chur ar fáil dom agus freisin cóip de shuirbhé 1654-1656 forleagtha ar léarscáileanna 6 orlaí sa mhíle na Suirbhéireachta Ordanáis.

Tagairtí

- 'Abhalta nó Oiltaigh srl. i Logainmneacha?' in *Studia Hibernica*, lml. 29, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath
- Camán: Art Ó Maolfabhail, Two Thousand Years of Hurling in Ireland*, Dundalgan Press 1973
- CAUS *Cinnlae Amhlaoibh Uí Shúilleabháin / The Diary of Humphrey O'Sullivan*, I - IV, edited with Introduction, Translation and Notes by Rev. Michael McGrath, S. J., (1928) 1936-7
- 'Clonoulty agus Logainmneacha Gaolmhara: Bunús agus Forás', *Irisleabhar Staire Thiobraid Árann / Tipperary Historical Journal* 1993.
- CLA *Cín Lae Amhlaoibh*, Tomás de Bhaldraithe, An Clóchomhar Tta 1970, athchló 2003
- DDUB *Duanair Dháibhidh Uí Bhruadair / The Poems of David Ó Bruadair*. Rev. John Mac Erlean, S. J., Ed., Irish Texts Society, London I (1910), II (1913), III (1917)
- DIL *Dictionary of the Irish Language*, based mainly on Old and Middle Irish materials (1913-1976), Acadamh Ríoga na Héireann, Baile Átha Cliath
- Din. *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* compiled by Rev. Patrick S. Dineen, M. A., published for The Irish Texts Society 1927, with additions 1934
- FGB *Foclóir Gaeilge-Béarla*, Niall Ó Dónaill Eagarthóir, Oifig an tSoláthair 1977
- FLJ *Finn's Leinster Journal*
- Kilkenny: History and Society, Eds William Nolan, Kevin Whelan, Geography Publications 1990
- Liostaí Logainmneacha: Contae Thiobraid Árann / County Tipperary*, Eagarthóir: Pádraig Ó Cearbhaill, Oifig an tSoláthair 2004

- LÉ I *Logainmneach na hÉireann*, Imleabhar I : Contae Luimnigh, Art Ó Maolfabhail Eagarthóir; Oifig asn tSoláthair 1990
- The Civil Survey A. D. 1654-1656*, Robert C. Simington, Coimisiún Láimhscribhinní na hÉireann, The Stationery Office, Dublin Vol. I (1931), Vol. II (1934)
- 'The Norman period 1185 - 1500', C. A. Empey, in *Tipperary: History & Society*, Ed. William Nolan, Associate Ed. Thomas G. McGrath, Geography Publications, Dublin 1985
- PD *The Place-Names of Decies*, Very Rev, P. Canon Power, 2nd Edition, Cork University Press, 1952
- Scéal na hIomána*, Liam P. Ó Caithnia, An Clóchomhar 1980